Imní ar Mháire Geoghegan-Quinn

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar chuid d'agallamh le Máire Geoghegan-Quinn ina gcuirfidh sí a cuid tuairimí faoi mheath na Gaeilge sa Ghaeltacht in iúl. Pléigh na ceisteanna thíos sula seinnfear an mhír.

1. Cé hí Máire Geoghegan-Quinn?

2. An bhfuil an Ghaeilge ag meath sna Gaeltachtaí, dar leat? Cén fáth?

3. Cad is féidir a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn sna Gaeltachtaí, dar leat?



Ceist 2 An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- *declining:* _____
- *Former European Commissioner:* _____
- *Former Government Minister:* _____
- *through the medium of Irish:* _____
- *centre:* _____
- *it worries me:* _____
- *organisation:* _____
- *on behalf of the Union:* _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh Máire Geoghegan-Quinn i dTeach Laighean?

2. Cad é an difríocht is mó a fheiceann sí idir an Ghaeltacht nuair a bhí sí féin ag fás aníos agus an Ghaeltacht sa lá atá inniu ann?

3. Cad a deir sí faoi sheirbhísí a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge?

4. Cén fáth a bhfuil imní uirthi faoi Bhreatimeacht?

Cad iad na freagraí a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 '…cuireann sé imní orm..'

Tá a lán abairtí úsáideacha ina bhfuil forainmneacha réamhfhoclacha le fáil iontu.

Líon na bearnaí sna habairtí thíos le forainmneacha réamhfhoclacha, agus cuir in abairtí eile ansin iad lena mbrí a léiriú:

- Tá Spáinnis _____.
- Chuir an dinnéar déistin _____.
- Tháinig an nuacht aniar aduaidh _____.
- Níl meas _____ _____.
- D'éirigh go hiontach _____ sa triail tiomána.
- Éiríonn _____ go minic nuair a ólann siad.
- Ní bheannaíonn sí go deo _____.
- Tá éad _____ _____.
- Baineadh geit _____.
- Bíonn siad i gcónaí ag magadh _____.

Ceist 5 Éist leis an tuairisc arís agus breac síos gach sampla den bhriathar saor agus gach sampla den mhodh coinníollach a chloiseann tú inti.

Ceist 6 Is minic a bhíonn fadhbanna ag foghlaimeoirí leis an ainmfhocal 'bliain'. Féach ar na hainmfhocail eile seo a mbíonn deacracht ag daoine leo. Líon na bearnaí sa bhosca.

An tuiseal ainmneach uatha	**An tuiseal ainmneach iolra**	**An tuiseal ginideach uatha**	**An tuiseal ginideach iolra**
an bhliain	*na blianta*	*tús na bliana*	*imeacht na mblianta*
an ealaín		áilleacht ...	stair ...
an mhí		lár ...	i ndiaidh ...
an sliabh		bun ...	airde ...
an leaba		taobh ...	ag cóiriú ...

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar gach beirt na ceisteanna a phlé. Pléigh na ceisteanna ansin leis an rang iomlán.

Ceist 2

declining:	ag dul i léig
Former European Commissioner:	Iar-Choimisinéir Eorpach
Former Government Minister:	Iar-Aire Rialtais
through the medium of Irish:	trí mheán na Gaeilge
centre:	ceartlár
it worries me:	cuireann sé imní orm
organisation:	eagras
on behalf of the Union:	thar ceann an Aontais

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá Spáinnis **aige**.
Chuir an dinnéar déistin **orthu**.
Tháinig an nuacht aniar aduaidh **orm**.
Níl meas **aici orainn**.
D'éirigh go hiontach **leis** sa triail tiomána.
Éiríonn **eatarthu** go minic nuair a ólann siad.
Ní bheannaíonn sí go deo **dom**.
Tá éad **uirthi leis**.
Baineadh geit **astu**.
Bíonn siad i gcónaí ag magadh **fúm**.

Ceist 5

<u>An briathar saor</u>
'a socraíodh' – aimsir chaite
'craolfar' – an aimsir fháistineach

<u>An modh coinníollach</u>
'go dtuigfeadh daoine' x 2
'go mbeadh' x 3
'go gcuirfí' x 1

Ceist 6

An tuiseal ainmneach uatha	**An tuiseal ainmneach iolra**	**An tuiseal ginideach uatha**	**An tuiseal ginideach iolra**
an bhliain	na blianta	tús na bliana	imeacht na mblianta
an ealaín	na healaíona	áilleacht na healaíne	stair na n-ealaíon
an mhí	na míonna	lár na míosa	i ndiaidh na míonna
an sliabh	na sléibhte	bun an tsléibhe	airde na sléibhte
an leaba	na leapacha	taobh na leapa	ag cóiriú na leapacha

Eibhlín Ní Choistealbha
Is ábhar imní an Ghaolainn[1] a bheith ag dul i léig sa Ghaeltacht, a deir an tIar-Choimisinéir Eorpach agus Iar-Aire Rialtais, Máire Geoghegan-Quinn. Deir sí go bhfuil gá le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaolainne sa Ghaeltacht agus go bhfuil sé tábhachtach an Ghaolainn a cheiliúradh, chun go dtuigfeadh daoine an saibhreas teangan[2] atá againn.

Sorcha Ní Riada
Bhí an tIar-Choimisinéir Eorpach, Máire Geoghegan-Quinn, i dTeach Laighean inniu le hagallamh teilifíse a dhéanamh do chóras teilifíse an Oireachtais. Agallamh a socraíodh mar chuid den gceiliúradh[3] i dtaobh *Seachtain na Gaeilge* agus *Vótáil Céad* – imeachtaí ag ceiliúradh céad bliain ó fuair mná cead vótála den chéad uair. Dúirt sí go gcreideann sí go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh ceiliúradh den tsaghas[4] seo maidir leis an nGaeilge le go dtuigfeadh daoine an saibhreas atá ag baint léi[5]. Ach tá sí imníoch faoin nGaeltacht.

Máire Geoghegan-Quinn, Iar-Choimisinéir Eorpach
I gcónaí, cuireann sé imní orm, céard go díreach atá ag tarlú i gceartlár na Gaeltachta féin, mar nuair a d'fhás mise suas, rinne muid ár gcuid gnó ar fad trí Ghaeilge i gCarna agus ar fud Chonamara. Agus tá mé cinnte, sa deisceart agus sa tuaisceart freisin. Ach anois, ní fheicim gurb in é atá ag tarlú an t-am ar fad, agus cuireann sé sin imní orm. Níl a fhios agam céard is cúis leis sin, ach cuireann sé sin imní orm agus tá a fhios agam go bhfuil sé ag cur imní ar[6] dhaoine eile freisin.

Sorcha Ní Riada
Creideann sí go bhfuil ana-thábhacht[7] ag baint le seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht.

Máire Geoghegan-Quinn, Iar-Choimisinéir Eorpach
Creidim go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí na seirbhísí ar fad ar fáil trí mheán na Gaeilge. Agus, má tá tú ag dul chuig an gComhairle Contae nó chuig an ospidéal, dul chuig an dochtúir, go mbeadh sé cinnte go mbeadh an duine sin nó an t-eagras sin in ann a chuid[8] gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Bhíodh sé sin ann nuair a bhí mise ag fás suas, ach ag an am céanna, agus creidim, tá sé fós ann, ach má théann duine as Conamara isteach agus iad ag déanamh a gcuid gnó agus má thuigeann siad nach bhfuil an oiread sin Gaeilge ag an té a bhfuil siad ag déanamh … athróidh siad go Béarla.

Sorcha Ní Riada
Mar Iar-Choimisinéir Eorpach, tá sí buartha leis, faoi imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach.

Máire Geoghegan-Quinn, Iar-Choimisinéir Eorpach
Cuireann sé an-imní ormsa nuair a fheicim an.. Michel Barnier, thar ceann an Aontais, réititheamach le dul i mbun comhráite[9], agus Rialtas na Breataine ag teacht chuig an mbord agus gan aon rud dáiríre, nó sin é a cheapaimse, socraithe acu,

[1] *Gaeilge* an leagan caighdeánach
[2] *teanga* an leagan caighdeánach
[3] *Córas na Mumhan*
[4] Córas na Mumhan
[5] *leis* a dúradh
[6] *do* a dúradh
[7] *an-tábhacht* an leagan caighdeánach
[8] *a gcuid* a dúradh
[9] *comhráití* a dúradh

nach bhfuil a fhios acu céard go díreach atá ag teastáil uathu, go bhfuil sórt tuairimí á gcur san aer, agus gan dada taobh thiar de, agus cuireann sé sin imní orm.

Sorcha Ní Riada
Craolfar an t-agallamh a dhein[10] sí ar Oireachtas TV níos déanaí an tseachtain seo.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.

[10] *a rinne sí* an leagan caighdeánach